# Cosáin do Riachtanais Speisialta Oideachais

## Riachtanais Speisialta Oideachais agus Curaclam Teanga na Bunscoile

Tá Torthaí Foghlama agus Contanaim Dul chun Cinn ghaolmhara i gCuraclam Teanga na Bunscoile. Leis na Torthaí Foghlama déantar cur síos ar an bhfoghlaim teanga agus ar an bhforbairt teanga a bhfuiltear ag súil leo ó pháistí ag deireadh tréimhse dhá bhliain. Tacaíonn an curaclam le gach páiste chun dul cinn a dhéanamh agus a bheith ag obair i dtreo na dtorthaí foghlama seo ar ráta agus ar luas a oireann dá gcumas, agus go n aithneofaí an fhoghlaim sin. Déanann na Contanaim Dul chun Cinn mionroinnt ar na torthaí foghlama thar roinnt mórchéimeanna, ó 'a luath' go 'h'. Leagann na contanaim dul chun cinn amach an t-aistear a dhéanfaidh páistí a bhfuil réimse leathan cumais iontu ar a mbealach i dtreo toradh foghlama. Leagann siad amach na mionchéimeanna dul chun cinn a thógfaidh siad agus na mórchéimeanna dul chun cinn a bhainfidh siad amach ar an mbealach agus, ar an gcaoi sin, aithníonn siad dul chun cinn agus éachtaí gach páiste.

D'fhéadfadh páistí a bhfuil deacrachtaí géara agus troma acu a bheith ag an mórchéim 'a luath'. D'fhéadfadh páistí a bhfuil deacrachtaí meánacha acu a bheith idir mórchéim 'a luath' agus mórchéim 'd'. An raon leathan mórchéimeanna, léiríonn sé raon leathan riachtanais na bpáistí ag an leibhéal seo. D'fhéadfadh páistí a bheith ag mórchéimeanna níos airde nó níos ísle i ndáil le torthaí foghlama difriúla, ag brath ar a gcuid buanna agus riachtanas i réimsí difriúla.



D'fhéadfadh a lán ama a bheith ag teastáil ó roinnt páistí a bhfuil riachtanais níos casta acu chun dul chun cinn a dhéanamh i mórchéim dul chun cinn amháin agus/nó i mionchéim dul chun cinn amháin. Sin é an fáth a gcuirtear na cosáin RSO ar fáil.

# Cosáin do Riachtanais Speisialta Oideachais

## Cosáin le haghaidh Riachtanais Speisialta Oideachais

Cé go bhféadfadh múinteoirí a bheith ag tnúth le héachtaí móra ó na páistí atá faoina gcúram, ní bhainfidh gach páiste gach mionchéim dul chun cinn amach. I gcás roinnt páistí a bhfuil riachtanais níos casta acu, d'fhéadfadh a lán ama a bheith ag teastáil uathu chun dul chun cinn a dhéanamh i mórchéim dul chun cinn amháin agus/nó i mionchéim dul chun cinn amháin. Sin é an fáth a gcuirtear na cosáin RSO ar fáil.

Maidir leis na cosáin le haghaidh Riachtanais Speisialta Oideachais, nó na cosáin RSO, tá seacht gcinn acu ann agus déanann siad cur síos, i dtéarmaí leathana, ar fhoghlaim agus ar fhorbairt i gcás páistí a bhfuil riachtanais níos casta acu. Rachaidh na cosáin seo chun sochair do mhúinteoirí páistí a bhfuil riachtanais níos casta acu. Is minic a bhíonn dul chun cinn na bpáistí sin mall agus is minic a bheadh sé deacair an dul chun cinn sin a aithint gan na cosáin seo.

Is féidir úsáid a bhaint astu in éineacht le Contanaim Dul chun Cinn Theanga na Bunscoile chun tacú le múinteoirí dul chun cinn na bpáistí sin a aithint, agus tacú leis, taobh istigh de mhórchéim dul chun cinn nó mionchéim dul chun cinn.



Agus na cosáin RSO á gcruthú, tugadh san áireamh gur dul chun cinn céim ar chéim a bhíonn á dhéanamh ag páistí a bhfuil riachtanais níos casta acu. Cé go bhfuil ord ar leith ar na cosáin RSO, tá riachtanais na bpáistí atá i gceist casta agus, dá bhrí sin, d'fhéadfadh páiste a bheith ag leibhéal airde i réimsí áirithe den fhoghlaim agus a bheith ag leibhéal níos airde nó níos ísle i réimse eile. B'fhéidir nach mbeidh an dul chun cinn líneach agus d'fhéadfadh roinnt páistí leanúint ar aghaidh ag cosán RSO i ndáil le mionchéim dul chun cinn ar feadh i bhfad.

# Cosáin do Riachtanais Speisialta Oideachais

## Úsáid a bhaint as na Cosáin RSO:

Tugann na cosáin RSO, in éineacht leis na Contanaim Dul chun Cinn, bealach do mhúinteoirí chun dul chun cinn páistí a bhfuil riachtanais níos casta acu a aithint. Is féidir le múinteoirí úsáid a bhaint as na cosáin RSO chun an áit a bhfuil páistí ag feidhmiú i ndáil le mionchéimeanna ar leith ar na contanaim dul chun cinn a aithint. D'fhéadfadh páistí a bheith ag cosán RSO difriúil do mhionchéimeanna dul chun cinn difriúla. Is féidir le páistí bogadh chun cinn nó siar taobh istigh de na cosáin. Cabhraíonn sé sin le páistí dul chun cinn ar ráta a oireann dóibh féin agus dá gcuid buanna agus riachtanas.



Tá samplaí d'fhoghlaim na bpáistí ag gabháil le gach cosán RSO agus mórchéim dul chun cinn. Tá gach ceann de na cosáin RSO hipearnasctha le samplaí d'fhoghlaim agus d'fhorbairt teanga na bpáistí agus is féidir féachaint orthu ach cliceáil ar an nasc. Tugann na samplaí seo léargas breise do mhúinteoirí ar na cosáin RSO agus ar Mhórchéimeanna Teanga na Bunscoile. Ar an gcaoi sin, tacaíonn na cosáin RSO, in éineacht le Contanaim Theanga na Bunscoile, le dul chun cinn páistí a bhfuil riachtanais níos casta acu.

Cé go bhfuil athdhéanamh agus rófhoghlaim bunriachtanach don ghrúpa páistí seo, ba cheart go mbeadh an fhoghlaim ar siúl, nuair is féidir, i dtimpeallachtaí éagsúla d'fhonn spreagadh na bpáistí a choimeád agus le go mbeifear in ann ciall níos fearr a fháil do dhul chun cinn na bpáistí agus deiseanna a thabhairt dóibh ginearálú a dhéanamh. I bhfianaise raon leathan riachtanais na bpáistí, agus i bhfianaise a gcuid buanna agus na rudaí a bhfuil suim acu iontu, tá an difreáil ríthábhachtach.

# Cosáin do Riachtanais Speisialta Oideachais





Mar aon leis an bplean oideachais don dalta aonair (IEP), cabhraíonn na cosáin RSO agus na Contanaim Dul chun Cinn le múinteoirí na chéad chéimeanna eile sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú a phleanáil. An t-ábhar tacaíochta agus na creataí pleanála atá mar chuid de Churaclam Teanga na Bunscoile, cumasóidh siad múinteoirí a thuilleadh agus iad ag ullmhú don teagasc agus don fhoghlaim agus á ndifreálú. Le chéile, is féidir leis na tacaí seo, in éineacht le cur chuige sa scoil uile agus rannpháirtíocht tuismitheoirí, cabhrú le páiste ag a bhfuil riachtanais níos casta páirt a ghlacadh in eispéiris foghlama atá cuí, ábhartha agus suntasach. Cuireann Curaclam Teanga na Bunscoile agus a chuid tacaí ar chumas gach páiste taitneamh a bhaint as curaclam atá chomh leathan agus is féidir.

Cabhraíonn Curaclam Teanga na Bunscoile agus na tacaí a ghabhann leis, in éineacht le cur chuige sa scoil uile agus rannpháirtíocht tuismitheoirí, le páistí a bhfuil riachtanais níos casta acu páirt a ghlacadh in eispéiris foghlama atá cuí, ábhartha agus suntasach

## Cosáin do Riachtanais Speisialta Oideachais

| Cosáin RSO | Gníomh an pháiste... | Samplaí d'fhoghlaim agus d'fhorbairt teanga na bpáistí |
|---|---|---|
| Blaiseadh de | tá an páiste i láthair i gcaitheamh gníomhaíocht foghlama, tá sé/sí ina d(h)úiseacht agus/nó faigheann sé/sí blaiseadh den timpeallacht foghlama. Tá sé/sí ag dul i dtaithí ar an timpeallacht foghlama, e.g., rudaí, daoine, fuaimeanna agus taithí chéadfach eile. | Físeán 1 |
| Aird a thabhairt air | tugann an páiste aird ar na gníomhaíochtaí foghlama a chuirtear ina láthair agus/nó glacann páirt iontu trí ghotha, iompar an choirp, guthaíocht, súilfhéachaint, gluaiseacht etc a athrú. Tá sé/sí tar éis dul i dtaithí ar an timpeallacht foghlama. | Físeán 1 |
| Freagairt dó | taispeánann an páiste go bhfuil sé/sí in ann spéis a chur sa timpeallacht foghlama go gníomhach nó d'aon ghnó. Tosaíonn sé/sí ag cur in iúl céard is maith leis/léi, céard nach maith leis/léi nó céard is fearr leis/léi. Freagraíonn sé/sí go gníomhach do ghníomhaíocht foghlama le tacaíocht nó gan tacaíocht. | Físeán 1 |
| Tús a chur leis | tá an páiste fiosrach faoin timpeallacht foghlama. Lorgaíonn sé/sí, go gníomhach agus go neamhspleách, deiseanna le páirt a ghlacadh sa timpeallacht sin agus/nó dul i bhfeidhm uirthi. | Físeán 1 Físeán 2 |
| Sealbhú | taispeánann an páiste go bhfuil eolas, coincheap nó scil á foghlaim. Fiosraíonn sé/sí an fhoghlaim agus glacann páirt inti. | Físeán 1 Físeán 2 Físeán 3 Físeán 4 Físeán 5 |
| Ag éirí líofa | gluaiseann an páiste i dtreo líofachta agus cruinnis i gcomhthéacsanna foghlama a bhfuil taithí aige/aici orthu. Taispeánann sé/sí go neamhspleách agus go seasta go bhfuil sé/sí in ann cuimhneamh ar an scil/coincheap/eolas a foghlaimíodh. | Físeán 1 Físeán 2 Físeán 3 Físeán 4 Físeán 5 |
| Ginearálú | aistríonn an páiste scileanna, eolas nó coincheapa foghlamtha chuig comhthéacsanna a bhfuil taithí aige/aici orthu agus chuig comhthéacsanna nach bhfuil, agus cuireann sé/sí i bhfeidhm iad sna comhthéacsanna sin. | Físeán 1 |